Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2485

10.12.2025

**Prótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmharaidir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

ós páirtithe iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ós Ballstáit den Aontas Eorpach iad (dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta),

agus

AN tAONTAS EORPACH,

de pháirt,

agus

RÍOCHT MHARACÓ,

den pháirt eile;

Ag féachaint d'aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach an 1 Iúil 2013,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Tá Poblacht na Cróite ina Páirtí sa Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara a shínigh an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit agus Ríocht Mharacó an 12 Nollaig 2006 ('an Comhaontú' anseo feasta), arna leasú leis an bPrótacal a síníodh an 18 Meitheamh 2012 chun aontachas Phoblacht na Bulgáire agus aontachas na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal' anseo feasta).

*Airteagal 2*

1. Cuirtear an fhoráil seo a leanas le hIarscríbhinn II (Comhaontuithe déthaobhacha idir Maracó agus Ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh) a ghabhann leis an gComhaontú arna leasú leis an bPrótacal.

Tar éis an dara fleasc maidir leis an mBulgáir:

'— Comhaontú Aeriompair idir Rialtas Phoblacht na Cróite agus Rialtas Ríocht Mharacó a síníodh in Rabat an 7 Iúil 1999;'.

2. Cuirtear na forálacha seo a leanas leis an gcéad mhír d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú ('Údaruithe oibríochta agus ceadanna teicniúla: údaráis inniúla') arna leasú leis an bPrótacal.

Tar éis na roinne maidir leis an mBulgáir:

'An Chróit:

Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta na Cróite (CCAA).'

*Airteagal 3*

Beidh téacs an Chomhaontaithe sa Chróitis, atá i gceangal leis an bPrótacal seo, ina théacs barántúil faoi na coinníollacha céanna leis na leaganacha teanga eile.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh na Páirtithe an Prótacal seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Dá mba rud é, áfach, go bhformheasfadh na Páirtithe Conarthacha an Prótacal seo ar dháta i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, thiocfadh an Prótacal i bhfeidhm mí amháin tar éis an dáta ar thug na Páirtithe fógra dá chéile, i gcomhréir le hAirteagal 30(2) den Chomhaontú go bhfuil na ceanglais formheasa inmheánacha curtha i gcrích.


2. Beidh an Prótacal seo ina dhlúthchuid den Chomhaontú agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn sealadach ón dáta a shíneoidh na Páirtithe é.

Tarraingítear an Comhaontú seo suas sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2025, i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Araibis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

За държавите-членки
Por los Estados miembros
Za členské státy
For medlemsstaterne
Für die Mitgliedstaaten
Liikmesriikide nimel
Για τα κράτη μέλη
For the Member States
Pour les États membres
Thar ceann na mBallstát
Za države članice
Per gli Stati membri
Dalībvalstu vārdā –
Valstybių narių vardu
A tagállamok részéről
Għall-Istati Membri
Voor de lidstaten
W imieniu Państw Członkowskich
Pelos Estados-Membros
Pentru statele membre
Za členské štáty
Za države članice
Jäsenvaltioiden puolesta
För medlemsstaterna
عن الدول الأعضاء



За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen
عن الاتحاد الاوروبي



За Кралство Мароко
Por el Reino de Marruecos
Za Marocké království
For Kongeriget Marokko
Für das Königreich Marokko
Maroko Kuningriigi nimel
Για το Βασίλειο του Μαρόκου
For the Kingdom of Morocco
Pour le Royaume du Maroc
Thar ceann Ríocht Mharacó
Za Kraljevinu Maroko
Per il Regno del Marocco
Marokas Karalistes vārdā –
Maroko Karalystės vardu
A Marokkói Királyság részéről
Għar-Renju tal-Marokk
Voor het Koninkrijk Marokko
W imieniu Królestwa Marokańskiego
Pelo Reino de Marrocos
Pentru Regatul Maroc
Za Marocké kráľovstvo
Za Kraljevino Maroko
Marokon kuningaskunnan puolesta
För Konungariket Marocko
عن المملكة المغربية

